**RABHADH**

**<u>NÍ MÓR</u> duit an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an Scrúdaithe: mura ndéantar sin caillfear marcanna.**

**M. 39T**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo** ☞

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

## Dé Céadaoin, 12 Meitheamh – Tráthnóna 2.00 – 4.30

*d'Úsáid an Fheitheora amháin*

Stampa an Ionaid

*Treoracha Ginearálta*

TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDÚ SEO

*Roinn a hAon:* **Sé** cheist le freagairt.
Tá 20 marc ar gach ceist.

*Roinn a Dó:* **Trí** cheist le freagairt.
Tá 60 marc ar gach ceist.

*Iomlán:* *300 marc*

*Níor chóir duit níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon, sa tslí go mbeidh 105 nóiméad agat do Roinn a Dó.*


## Roinn a hAon (120 marc)

**Treoracha**

- Freagair **sé** cheist. Tá 20 marc ar gach ceist.
- Scríobh do chuid freagraí sa spás atá ann dóibh.
- Bíodh do chuid freagraí gearr.

**Ceist 1**

Taispeánann an léaráid turgnamh a cuireadh ar bun chun tréscaoilteacht dhá shampla éagsúla ithreach a léiriú.




(a) Cé acu ithir, **A** nó **B**, is mó atá tréscaoilte?

(b) Cén chaoi a dtaispeánfadh an turgnamh seo cé acu ithir is mó atá tréscaoilte?

(c) Céard a mhéadódh tréscaoilteacht ithreach?

(d) Ainmnigh cineál **amháin** carraig dhríodair.

**(20 marc)**

**Ceist 2**

Seo a leanas baill choirp bó. Sa spás atá ann dó luaigh feidhm **amháin** le gach ball ar an liosta.

| **Baill Choirp** | **Feidhm amháin sa Chorp** |
|---|---|
| **Abomasam** | |
| **Cruan** | |
| **Úiréadar** | |
| **Vena cava** | |
| **Broincín** | |

**(20 marc)**

**Ceist 3**


Léirigh pé acu an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor (**F**) nó bréagach (**B**), trí chiorcal a tharraingt timpeall ar an bhfreagra ceart, faoi mar a dhéantar sa sampla.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sampla:** | **Ní bhíonn cúlfhiacla ar bith ag luibhiteoirí** | **F** | **(B)** |
| (a) | Pór muc is ea Lanrásach | F | B |
| (b) | Is féidir le maothal buinneach a chur ar ghamhna | F | B |
| (c) | Bíonn DNA i gcrómasóim, is é sin ár gcód géiniteach | F | B |
| (d) | Baineann an chuiteog leis an bhFíleam Annelida | F | B |
| (e) | Cuireann iaidín dath gorm/dubh ar stáirse | F | B |
| (f) | Téann an féileacán faoi mheiteamorfóis ainfhoirfe | F | B |
| (g) | Fás crann buaircíneach is mó atá sa táirgeadh crann foraoise in Éirinn | F | B |
| (h) | Is é is brí le F.C.R. ( i mBéarla) ná méid an bhia i gcuid chothaithe | F | B |
| (i) | Spreagann *Babesia* fiabhras an bhuinne dheirg | F | B |
| (j) | Is í an lathach an cáithnín ithreach is lú ar fad. | F | B |

**(20 marc)**

**Ceist 4**

Baineadh úsáid as an trealamh seo a leanas in imscrúdú chun láithreacht baictéar a thaispeáint i sampla bainne.




(a) Ainmnigh an dá phíosa trealaimh **X** agus **Y** ar baineadh úsáid astu san imscrúdú.

X ____________________________________________

Y ____________________________________________

(b) Cad iad na feidhmeanna atá ag **X** agus ag **Y** san imscrúdú?

X ____________________________________________

Y ____________________________________________

(c) Cén toradh a mbeadh súil agat leis dá mbeadh baictéir sa bhainne?

____________________________________________

____________________________________________

(d) Cén chaoi a ndéantar steiriliú ar **X** le linn an imscrúdaithe?

____________________________________________

____________________________________________

**(20 marc)**

**Ceist 5**

Is í an fheoil príomhtháirge thionscal na gcaorach in Éirinn.

(a) Ainmnigh **dhá** tháirge eile ag tionscal na gcaorach.

1 ____________________ 2____________________

(b) Ainmnigh **dhá** phór caorach atá in Éirinn.

1 ____________________ 2 ____________________

(c) Déan cur síos ar **dhá** shaintréith atá ag pór **amháin** díobh sin a ainmníodh i gcuid (b).

1 ________________________________________

2 ________________________________________

(d) Cad atá i gceist nuair a deirtear go bhfuil caora "diúltaithe ar bhonn aoise", nó "draft" nó "cast" i mBéarla?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**(20 marc)**

**Ceist 6**



Tógtha as: Grasses. C.E. Hubbard. Penguin Books, England.

(a) Taispeánann an léaráid bláth phlanda féir.
Ainmnigh **dhá** fhéar ar bith a fhásann in Éirinn.

1 ____________________

2 ____________________

(b) Cuidíonn cineál cheann an bhlátha le féara a shainaithint.

Luaigh **dhá** shaintréith eile, a chuidíonn le sainaithint an fhéir.

1 ________________________________________

2 ________________________________________

(c) Luaigh **dhá** mhodh chun síol féir a chur.

1 ________________________________________

2 ________________________________________

**(20 marc)**

**Ceist 7**

Comhlánaigh iad seo a leanas:

(a) Is cineálacha ________________________ "brat" nó "báisín"

(b) Feadán i bplandaí is ea an xiléim a iompraíonn ____________________________

(c) Is é is gríosachán ann ná cineál ____________________________

(d) Sampla de bhó dhá phór is ea ____________________________

(e) Is é is *Mucor* ann ná foirm ____________________________

**(20 marc)**

# Roinn a Dó (180 marc)

## Treoracha

**Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do leabhar freagraí.**

- Freagair **trí** cheist ar bith. Tá 60 marc ar gach ceist.

---

**Ceist 8**

Bíonn teorainn uaireanta le táirgíocht ghránbharr in Éirinn de dheasca cúinsí aimsire agus oiriúnacht na hithreach.

Freagair iad seo a leanas maidir le gránbharr ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat air.

(a) Ainmnigh **dhá** chineál éagsúla den ghránbharr a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos ar na cúinsí aimsire a choinneodh an fás agus an cháilíocht ar chúl.

(c) Luaigh **dhá** shaintréith san ithir atá riachtanach chun go n-éireodh le fás an bhairr.

(d) Déan cur síos ar an gcaoi a réiteofá an ithir do shíolchur an bhairr.

(e) Luaigh na sonraí a bhaineann le galar ainmnithe sa ghránbharr a roghnaigh tú, faoi na ceannteidil seo

- Ainm an ghalair
- Cúis leis an ngalar
- Comharthaí an ghalair
- Cóireáil an ghalair

(f) Cén uair agus cén chaoi a ndéantar an barr a bhaint?

(g) Tá stóráil an ghránbhairr tábhachtach. Luaigh **trí** chúinse atá riachtanach chun stóráil chuí a dhéanamh ar do ghránbharr roghnaithe.

**(60 marc)**

**Ceist 9**

(a) (i) Agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, mínigh an córas bainistíochta a dtugtar "Leader – Follower".

(ii) Luaigh **dhá** chúis faoi deara beithígh a bheith séidte agus iad ar féarach san earrach luath.

(iii) Déan cur síos ar an gcaoi a n-oibríonn an córas rangaithe EUROP.

(iv) Agus léaráid lipéadaithe á húsáid agat, taispeáin an difríocht idir póir mairteola agus póir déiríochta eallaigh maidir le cruth agus déanamh a gcoirp.

(b) Úsáideann feirmeoirí áirithe barra fréimhe ar nós biatas beithíoch agus svaeideanna chun ainmhithe feirme a bheathú, sa bhreis ar shadhlas, féar agus beatha thacúil (min).


(i) Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** don fheirmeoir a bhaineann leis na barra fréimhe seo a úsáid.

(ii) Ainmnigh na príomh-chomhábhair atá i gcion beatha thacúil (min).

(iii) Cén tábhacht a bhaineann le cuid chothromaithe don ainmhí feirme?

**(60 marc)**

**Ceist 10**




(a) Síol pónaire leathain atá sa léaráid.

(i) An sampla é seo de shíol monacotailéadónach nó de shíol déchotailéadónach?

(ii) Luaigh feidhm **amháin** a bhaineann le gach páirt ar leith atá ainmnithe sa léaráid.

(b) Rachaidh an síol seo trí phróiseas ar a dtugtar <u>péacadh</u>.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil <u>líne faoi</u>.

(ii) Agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, déan cur síos ar imscrúdú a rinne tú chun an tionchar a thaispeáint a bhí ag toisc <u>ainmnithe</u> **amháin** ar an bpéacadh.

(c) Dhá phróiseas is ea <u>pailíniú</u> agus <u>truailliú</u> a tharlaíonn sa timpeallacht.

(i) Mínigh an téarma pailíniú.

(ii) Luaigh **dhá** mhodh trína dtarlaíonn pailíniú.

(iii) Luaigh **trí** chúis a bhféadfadh truailliú tarlú ar fheirm agus mínigh cén chaoi a bhféadfaí gach cúis ar leith díobh sin a chosc.

**(60 marc)**

**Ceist 11**

Freagair **dhá** chuid ar bith, (a), (b), (c) nó (d).

(a) Meastar gur riachtanas bunaidh bia é bainne.
  (i) Luaigh comhdhéanamh bainne úir.
  (ii) Déan cur síos ar imscrúdú saotharlainne chun láithreacht comhábhair **amháin** <u>ainmnithe</u> sa bhainne úr a thaispeáint.
  (iii) Cén chaoi ar féidir le feirmeoir cosc a chur ar fhabhtú bainne sa bhleánlann?

(b) Cineál speisialaithe ferimeoireachta is ea táirgeadh muc.
  (i) Liostáil **trí** chúinse tithíochta atá riachtanach in aonad táirgeachta muc ar fheirm.
  (ii) Déan cur síos ar bhainistiú agus ar bheathú na cránach le linn toirchis.
  (iii) Cén fheidhm atá leis an gcliathbhosca breithe?


(c) Tá dúile mianracha tábhachtach d'fhás plandaí folláine.
  (i) Liostáil **trí** dhúil mhianracha a mbíonn tionchar acu ar leibhéal na torthúlachta san ithir.
  (ii) Le cúnamh léaráidí lipéadaithe déan cur síos ar imscrúdú saotharlainne chun iarmhairtí dhíothacht mianra ar fhás planda a thaispeáint.

(d) Is é is sadhlas ann ná féar coipthe.
  (i) Ainmnigh baictéar **amháin** a thagann i gceist agus sadhlas á dhéanamh den fhéar.
  (ii) Luaigh **trí** shlí ina bhféadfadh an feirmeoir ardleibhéil siúcra san fhéar a spreagadh.
  (iii) Rianaigh an cur chuige atá i gceist chun sadhlas a bhaint agus a stóráil i gceart.

**(60 marc)**

**Ceist 12**

(a) Orgán mór stórála is ea an t-ae in ainmnithe feirme.
  (i) Cén chuid den chorp ina bhfuil an t-orgán seo lonnaithe?
  (ii) Luaigh **dhá** ábhar a stóráiltear san ae.
  (iii) Ainmnigh **dhá** orgán stórála eile sa chorp.




(b) Is é atá sa léaráid ná puchán ae (*Fasciola hepatica*), orgánach a bhíonn san ae ag roinnt ainmhithe feirme.

  (i) Déan cur síos ar fheidhmeanna na bpáirteanna lipéadaithe sa léaráid.
  (ii) Ainmnigh **dhá** ainmhí feirme a mbíonn an puchán ae iontu.
  (iii) Luaigh **dhá** chomhartha a bheadh ag ainmhí a mbeadh galrú an phuchán ae air.
  (iv) Cén chóireáil is féidir a chur ar ainmhí feirme láithreach do ghalrú an phuchán ae?
  (v) Mínigh **trí** mhodh is féidir leis an bhfeirmeoir a úsáid chun galrú breise den phuchán ae a chosc ar an bhfeirm.

(c) Agus ainmhí nua á cheannach ag an bhfeirmeoir, breathnaíonn sé ar an mbail atá air.
  (i) Cad iad na comharthaí dea-shláinte atá ar an ainmhí ina chuma agus ina ghníomhaíocht?
  (ii) Mínigh cad atá i gceist le bailscóráil ainmhí.

**(60 marc)**

**Ceist 13**

(a) Dhá chineál cilldeighilte is ea **Méóis** agus **Miotóis**. Cóipeáil an tábla thíos isteach i do leabhar freagraí, agus comhlánaigh é, agus úsáid á baint agat as an liosta seo a leanas chun comparáid a dhéanamh idir an dá chineál cilldeighilte.

| | |
|---|---|
| **Cealla comhionanna cruthaithe** | **Tá na cealla nua haplóideach** |
| **Cealla neamh-chomhionanna cruthaithe** | **Tá na cealla nua dioplóideach** |

| Cineál cilldeighilte (máthairchill dioplóideach) | Cealla comhionanna nó neamh-chomhionanna cruthaithe | Tá na cealla nua haplóideach nó tá na cealla nua dioplóideach |
|---|---|---|
| **Méóis** | | |
| **Miotóis** | | |

(b) Tá méadú tagtha ar úsáid inseamhnú saorga A.I. i gcúrsaí feirmeoireachta le tamall de bhlianta.

(i) Cad dó a seasann na litreacha A.I?
(ii) Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le A.I. i gcás na mbeithíoch.
(iii) Déan idirdhealú idir tástáil éifeachta agus tástáil sleachta na dtarbh.

(c) Crosáiltear tarbh gearr-adharcach atá homaisigeach do dhath dearg (**DD**) le bó ghearr-adharcach atá homaisigeach do dhath bán (**dd**). Tá an sliocht (**F1**) heitrisigeach do dhath gríséid.

(i) Luaigh géinitíopa an tsleachta **F1**.
(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil dath gríséid ar an sliocht.
(iii) Má chrosáiltear tarbh gearr-adharcach eile atá homaisigeach do dhath dearg (**DD**) leis an sliocht (**F1**), cad iad na géinitíopaí agus na feinitíopaí a bheidh ag an dara glúin (**F2**)? Cóipeáil an méid seo a leanas isteach i do leabhar freagraí agus comhlánaigh na spásanna (géinitíopaí idir na lúibíní, feinitíopaí ar na línte).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Géinitíopaí thuismitheoirí an dara glúin (Tarbh dearg homaisigeach agus bó ghríséid heitrisigeach) | (  ) | x | (  ) | |
| Na gaiméití a tháirgeann gach tuismitheoir | (  ) | x | (  ) | (  ) |
| Géinitíopaí an dara glúin (**F2**) | (  ) | x | (  ) | |
| Feinitíopaí an dara glúin (**F2**) | ________ | | ________ | |

**(60 marc)**